C/2025/6748

19.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12192 — STONEPEAK / REPSOL / OUTPOST SOLAR SELLCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6748)

1. An 12 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Stonepeak Partners LP (in éineacht lena chleamhnaithe uile, 'Stonepeak', na Stáit Aontaithe),

— Repsol Renewables OpCo LLC ('Repsol Renewables', na Stáit Aontaithe), faoi rialú aonair Repsol S.A. ('Repsol', an Spáinn).

Gheobhaidh Stonepeak agus Repsol Renewables rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Outpost Solar SellCo LLC ('sprioc-chomhfhiontar', na Stáit Aontaithe), faoi rialú aonair Repsol Renewables.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta malartach domhanda é Stonepeak agus tá speisialtóireacht aige i mbonneagar agus i sócmhainní réadacha,

— Is fochuideachta é Repsol Renewables de Repsol, cuideachta ilnáisiúnta fuinnimh agus peitriceimiceach Spáinneach a bhfuil a cheanncheathrú i Maidrid na Spáinne. Tá Repsol comhtháite go hingearach agus oibríonn sé i ngach réimse den tionscal ola agus gáis, lena n-áirítear taiscéalaíocht agus táirgeadh, scagadh, dáileadh agus margaíocht, peitriceimiceáin, giniúint cumhachta, agus trádáil. Áirítear i straitéis ghnó Repsol freisin rannóg maidir le fuinneamh in-athnuaite.

3. Is é an sprioc-chomhfhiontar úinéir agus oibreoir an tionscadal Outpost, tionscadal giniúna grianfhuinnimh atá lonnaithe in Webb County, Texas, na Stáit Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12192 — STONEPEAK / REPSOL / OUTPOST SOLAR SELLCO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË